Comhairle an
Aontais Eorpaigh

an Bhruiséil. 6 Feabhra 2026
(OR. en)

5371/26

**Comhad Institiúideach:**
**2025/0352 (NLE)**
**2025/0353 (NLE)**

**ESPACE 10**
**EEE 6**
**RECH 17**
**COMPET 48**
**IND 27**
**EU-GNSS 6**
**TRANS 18**
**AVIATION 9**
**MAR 8**
**TELECOM 17**
**MI 39**
**CSC 45**
**CSCGNSS 6**
**CSDP/PSDC 35**
**AELE 4**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

Ábhar: Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus ríocht na hiorua, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht ríocht na hiorua i gcomhpháirt govsatcom de chlár spáis an aontais i gclár an aontais um nascacht shlán, agus maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán

COMHAONTÚ

IDIR AN tAONTAS EORPACH

AGUS RÍOCHT NA hIORUA,

LENA LEAGTAR SÍOS NA RIALACHA MAIDIR LE RANNPHÁIRTÍOCHT RÍOCHT NA hIORUA I gCOMHPHÁIRT GOVSATCOM DE CHLÁR SPÁIS AN AONTAIS I gCLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN, AGUS MAIDIR LE ROCHTAIN A FHÁIL AR SHEIRBHÍSÍ GOVSATCOM AGUS AR SHEIRBHÍSÍ RIALTAIS CHLÁR AN AONTAIS UM NASCACHT SHLÁN

TÁ AN tAONTAS EORPACH (dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta)

agus

RÍOCHT NA hIORUA (dá ngairtear 'an Iorua' anseo feasta),

dá ngairtear i gcomhpháirt 'na Páirtithe' anseo feasta

AG AITHINT DÓIBH rannpháirtíocht na hIorua i gClár Spáis an Aontais,

AG AITHINT DÓIBH oibleagáidí na bPáirtithe faoin dlí idirnáisiúnta,

AG MEABHRÚ DÓIBH Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] (dá ngairtear 'an Rialachán maidir leis an Spás' anseo feasta) agus Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] (dá ngairtear 'an Rialachán maidir le Nascacht Shlán' anseo feasta),

---

1 Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 69; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

2 Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO AE L 79, 17.3.2023, lch. 1; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

AG AITHINT DÓIBH go bhfuil an Iorua ag rannchuidiú ó thaobh airgeadais de leis na gníomhaíochtaí a eascraíonn as comhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus as Clár an Aontais um Nascacht Shlán mar a leagtar síos i gCinneadh ar leithligh ó Chomhchoiste LEE lena leasaítear Prótacal 31 maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse agus i bPrótacal 37 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch,

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch mar bhunús dlí agus institiúideach chun an comhar idir an tAontas agus an Iorua i réimse na nascachta sláine a neartú agus a leathnú,

AG MEABHRÚ DÓIBH an Comhaontú idir Ríocht na hIorua agus an tAontas Eorpach maidir le nósanna imeachta slándála um fhaisnéis rúnaicmithe a mhalartú (dá ngairtear 'an Comhaontú maidir le Slándáil Faisnéise' anseo feasta) a síníodh an 22 Samhain 2004 agus a tháinig i bhfeidhm an 1 Nollaig 2004,

AG MEABHRÚ DÓIBH na Socruithe Slándála chun faisnéis rúnaicmithe a mhalartaítear idir Ríocht na hIorua agus an tAontas a chosaint (dá ngairtear 'na Socruithe Slándála' anseo feasta), a comhaontaíodh an 22 Deireadh Fómhair 2004,

AG AITHINT DÓIBH go leagtar amach le Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle[1] na freagrachtaí atá le feidhmiú ag an gComhairle agus ag Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chun bagairt ar shlándáil an Aontais nó Ballstáit amháin nó níos mó a sheachaint nó chun díobháil thromchúiseach do leasanna fíor-riachtanacha an Aontais nó Ballstáit amháin nó níos mó a mhaolú nó aon uair a d’fhéadfadh oibriú an chórais nó soláthar na seirbhísí rialtais difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais nó a Bhallstát, agus go bhfuil feidhm le bheith ag Cinneadh (CBES) 2021/698 mar a shonraítear in Airteagal 35 den Rialachán maidir leis an Spás agus in Airteagal 31 den Rialachán maidir le Nascacht Shlán,

AG AITHINT DÓIBH leas na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i seirbhísí Chlár an Aontais um Nascacht Shlán,

AR MIAN LEO comhaontú déthaobhach a bhunú maidir le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

---

1 Cinneadh (CBES) 2021/698 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le slándáil na gcóras agus na seirbhísí a imscartar, a oibrítear agus a úsáidtear faoi Chlár Spáis an Aontais agus faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do shlándáil an Aontais, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/496/CBES (IO AE L 170, 12.5.2021, lch. 178, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/698/oj).

## AIRTEAGAL 1

### Cuspóir an Chomhaontaithe

1. Leagtar síos sa Chomhaontú seo na rialacha maidir le rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán agus maidir le rochtain na hIorua ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán .

2. Beidh an Iorua ina Rannpháirtí i GOVSATCOM agus ina Rannpháirtí i gClár an Aontais um Nascacht Shlán a mhéid a údaraíonn sí úsáideoirí GOVSATCOM agus úsáideoirí acmhainneachtaí rialtais chlár an Aontais um Nascacht Shlán, nó a mhéid a sholáthraíonn sí acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, suíomhanna na gcodanna ar talamh nó cuid de shaoráidí na gcodanna ar talamh.

3. Beidh na cearta a dheonaítear faoin gComhaontú seo gan dochar do chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus do Chlár an Aontais um Nascacht Shlán. Ní thabharfaidh an Comhaontú seo aon chumhacht chinnteoireachta don Iorua i ndáil le comhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus le Clár an Aontais um Nascacht Shlán.

4. Ní dhéanann an Comhaontú seo difear do chreat dlíthiúil ná do struchtúr institiúideach chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais ná do Chlár an Aontais um Nascacht Shlán de a bunaíodh le dlí an Aontais, do ghníomhartha ábhartha an Aontais a ionchorpraítear sa Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ná do na bearta a rinneadh chun gníomhartha an Aontais a chur chun feidhme. Ina theanna sin, ní dhéanann an Comhaontú seo difear ach oiread do dhlíthe, rialacháin ná beartais an Aontais is infheidhme lena gcuirtear chun feidhme gealltanais maidir le neamhleathadh agus rialú onnmhairiúcháin le haghaidh earraí dé-úsáide.

5. Is é an tAontas a bheidh ina úinéir ar na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe uile ar cuid iad den bhonneagar rialtais a forbraíodh faoi chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, dá bhforáiltear in Airteagail 5(2) agus 19(2) den Rialachán maidir le Nascacht Shlán.

6. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do chearta ná d'oibleagáidí ceachtar Páirtí faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile.

AIRTEAGAL 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'comharthaí' an t-aonad a úsáidtear chun seirbhísí GOVSATCOM a íoc nó a chúiteamh, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 ón gCoimisiún[1];

(2) ciallaíonn 'rialú' an cumas tionchar cinntitheach a imirt ar eintiteas dlítheanach go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó;

---

1 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 maidir leis na rialacha a leagan amach maidir le comhroinnt agus cur in ord tosaíochta acmhainneachtaí cumarsáide satailíte, seirbhísí, agus trealaimh úsáideoirí chun an fheidhm dá dtagraítear in Airteagal 66(2) de Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh (IO AE L 141, 31.5.2023, lch. 57; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1055/oj).

(3) ciallaíonn ‘struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin’ comhlacht eintitis dhlítheanaigh a cheaptar i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus, i gcás inarb infheidhme, atá freagrach don phríomhoifigeach feidhmiúcháin, nó d’aon duine eile ag a bhfuil an chumhacht inchomparáide cinntí a dhéanamh, agus ag a bhfuil an chumhacht straitéis, cuspóirí agus treo foriomlán an eintitis dhlítheanaigh sin a bhunú, agus a dhéanann maoirseacht agus faireachán ar chinnteoireacht an lucht bainistíochta;

(4) ciallaíonn ‘tríú tír’ aon tír seachas an Iorua ná aon Bhallstát den Aontas ná aon Stát CSTE LEE eile atá rannpháirteach, de réir mar is ábhartha, i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais nó i gClár an Aontais um Nascacht Shlán;

(5) ciallaíonn ‘comhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais’ nó ‘GOVSATCOM’ comhpháirt GOVSATCOM a bunaíodh leis an Rialachán maidir leis an Spáis ;

(6) ciallaíonn ‘Rannpháirtí GOVSATCOM’ rannpháirtí de réir bhrí Airteagal 68 den Rialachán maidir leis an Spáis;

(7) ciallaíonn ‘Clár an Aontais um Nascacht Shlán’ an clár a bunaíodh leis an Rialachán maidir le Nascacht Shlán ;

(8) ciallaíonn ‘Rannpháirtí i gClár an Aontais um Nascacht Shlán’ rannpháirtí de réir bhrí Airteagal 11 den Rialachán maidir le Nascacht Shlán .

AIRTEAGAL 3

Raon feidhme an Chomhair

Rialaítear leis an gComhaontú seo rannpháirtíocht na hIorua i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán agus rialaítear freisin rochtain na hIorua ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán.

AIRTEAGAL 4

Rannpháirtíocht in GOVSATCOM agus i gClár an Aontais um Nascacht Shlán

Beidh an Iorua ina Rannpháirtí in GOVSATCOM agus ina Rannpháirtí i gClár an Aontais um Nascacht Shlán de réir bhrí Airteagal 68 den Rialachán maidir leis an Spás agus Airteagal 11 den Rialachán maidir le Nascacht Shlán, a mhéid a údaraíonn sí úsáideoirí sheirbhísí GOVSATCOM nó úsáideoirí sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán nó a mhéid a sholáthraíonn sí acmhainneachtaí, suíomhanna nó saoráidí.

Tosaíocht na seirbhísí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo idir na húsáideoirí a údaraíonn an Iorua, is í an Iorua a dhéanfaidh an tosaíocht sin a chinneadh agus a chur chun feidhme.

## AIRTEAGAL 5

### Údarás inniúil um nascacht shlán

Ainmneoidh an Iorua údarás inniúil um nascacht shlán.

Áiritheoidh an t-údarás inniúil um nascacht shlán an méid seo a leanas:

(a) beidh úsáid na seirbhísí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo i gcomhréir leis na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán maidir leis an Spás agus in Airteagal 30(3) den Rialachán maidir le Nascacht Shlán ;

(b) cinnfear agus bainisteofar na cearta rochtana ar na seirbhísí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo;

(c) déanfar an trealamh úsáideoirí is gá chun na seirbhísí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, agus na naisc cumarsáide leictreonaí agus an fhaisnéis a ghabhann leo, a úsáid agus a bhainistiú i gcomhréir leis na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán maidir leis an Spás agus Airteagal 30(3) den Rialachán maidir le Nascacht Shlán s;

(d) bunófar pointe teagmhála lárnach chun cúnamh a thabhairt de réir mar is gá i leith tuairisciú rioscaí agus bagairtí slándála, go háirithe trasnaíocht leictreamaighnéadach a d'fhéadfadh a bheith díobhálach a bhrath a dhéanfadh difear a dhéanamh do na seirbhísí faoi chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán.

## AIRTEAGAL 6

## Seirbhísí rialtais

1. Soláthrófar seirbhísí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo do na rannpháirtithe dá dtagraítear in Airteagal 4 den Chomhaontú seo i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1053 ón gCoimisiún[1] agus i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1055.

2. Rochtain ar sheirbhísí GOVSATCOM agus ar sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán, beidh an rochtain sin faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha lena rialaítear a n-úsáid i gcomhréir leis an Airteagal seo.

3. Féadfar na heintitis seo a leanas a údarú mar úsáideoirí sheirbhísí GOVSATCOM agus seirbhísí Chlár an Aontais um Nascacht Shlán:

(a) údarás poiblí de chuid na hIorua nó comhlacht a bhfuil sé de chúram air údarás poiblí a fheidhmiú san Iorua; agus

(b) duine nádúrtha nó dlítheanach ag gníomhú thar ceann agus faoi rialú eintiteas dá dtagraítear i bpointe (a).

---

1 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1053 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais oibríochtúla le haghaidh na seirbhísí rialtasacha a sholáthraítear faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán agus a phunann seirbhísí (IO AE L 141, 31.5.2023, lch. 44, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1053/oj).

4. Úsáideoirí sheirbhísí GOVSATCOM agus sheirbhísí rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh an Iorua iad a údarú go cuí chun na seirbhísí sin a úsáid agus comhlíonfaidh siad na ceanglais slándála ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán maidir leis an Spás agus Airteagal 30(3) den Rialachán maidir le Nascacht Shlán .

AIRTEAGAL 7

Soláthraithe acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte

Féadfaidh an tAontas acmhainneachtaí agus seirbhísí cumarsáide satailíte a fháil faoi chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais a sholáthróidh na heintitis seo a leanas:

(a) An Iorua, mar Rannpháirtí i gGOVSATCOM dá dtagraítear in Airteagal 68 den Rialachán maidir leis an Spás; agus

(b) Daoine dlítheanacha ón Iorua atá cuíchreidiúnaithe chun acmhainneachtaí nó seirbhísí cumarsáide satailíte a sholáthar i gcomhréir leis an nós imeachta creidiúnaithe slándála dá dtagraítear in Airteagal 37 den Rialachán maidir leis an Spás, ar nós imeachta creidiúnaithe slándála é a bheidh i gcomhréir leis na ceanglais slándála ghinearálta le haghaidh chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 34(2) den Rialachán maidir leis an Spás.

An córas lena soláthraítear na hacmhainneachtaí agus na seirbhísí sin, measfar gur córas é a sholáthraíonn seirbhísí rialtais má chomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 2(2a) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1054 ón gCoimisiún[1]. Chun an tAirteagal sin a chur i bhfeidhm, tuigfear 'Ballstát' mar 'Ballstát nó an Iorua'.

AIRTEAGAL 8

Acmhainneachtaí atá ábhartha do na seirbhísí

Saineoidh an Coimisiún Eorpach an líon iomlán comharthaí a bheidh le dáileadh le haghaidh na dtréimhsí cláir atá le teacht ag féachaint don bhuiséid atá ar fáil agus do choinníollacha na gconarthaí agus na gcomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le soláthraithe acmhainní.

Gheobhaidh an Iorua céatadán, i gcomharthaí, de sciar iomlán na mBallstát a leagtar síos i gCinntí Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1053 agus (AE) 2023/1055.

**1** Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1053 ón gCoimisiún an 30 Bealtaine 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais oibríochtúla le haghaidh na seirbhísí rialtasacha a sholáthraítear faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán agus a phunann seirbhísí (IO AE L 141, 31.5.2023, lch. 49; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1054/oj).

## AIRTEAGAL 9

### Cumhdach Artach feabhsaithe

Féadfar eilimintí breise a chuimsiú i mbonneagar rialtais Chlár an Aontais um Nascacht Shlán chun cumhdach aga folaigh ísil a fheabhsú thar an réigiún Artach.

Aon ranníocaíocht airgeadais bhreise is gá chun na heilimintí sin a dhearadh, a fhorbairt, a chur in úsáid agus a shaothrú, bunófar í le cinneadh ón gcomhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 18 lena leasaítear an tAirteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 18(4) agus cuirfear chun feidhme í i gcomhréir le hAirteagal 12.

## AIRTEAGAL 10

### Coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta le haghaidh eintitis na hIorua

Beidh feidhm maidir leis an gComhaontú seo ag Airteagal 24 den Rialachán maidir leis an Spás agus ag Airteagal 22 den Rialachán maidir le Nascacht Shlán i ndáil le coinníollacha incháilitheachta agus rannpháirtíochta faoi na cláir.

I gcás ina ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach cinneadh maidir le tarscaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 24(3) den Rialachán maidir leis an Spás gan dul ar iontaoibh an mhaolaithe a leagtar amach san fhomhír dheireanach den mhír sin a úsáid, comhlíonfaidh eintiteas dlítheanach incháilithe na coinníollacha rannpháirteacha seo a leanas :

(a) beidh an t-eintiteas dlítheanach incháilithe bunaithe san Iorua agus beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin bunaithe san Iorua, nó i mBallstát den Aontas nó in aon Stát CSTE LEE eile atá rannpháirteach, de réir mar is ábhartha, i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais nó i gClár an Aontais um Nascacht Shlán;

(b) tabharfaidh an t-eintiteas dlítheanach incháilithe gealltanas na gníomhaíochtaí ábhartha uile a dhéanamh san Iorua nó i mBallstát den Aontas nó in aon Stát CSTE LEE eile atá rannpháirteach, de réir mar is ábhartha, i gcomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais nó i gClár an Aontais um Nascacht Shlán; agus

(c) ní bheidh an t-eintiteas dlítheanach incháilithe faoi réir a rialaithe ag tríú tír ná ag eintiteas de thríú tír.

## AIRTEAGAL 11

### Cinntí cur chun feidhme

Na cinntí cur chun feidhme ábhartha ón gCoimisiún is infheidhme maidir le comhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus le Clár an Aontais um Nascacht Shlán, beidh feidhm ag na cinntí sin maidir le gníomhaíochtaí a chuirfear chun feidhme faoin gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 12

Ranníocaíocht bhreise

Faoin gComhaontú seo, féadfaidh an Iorua ranníocaíocht airgeadais bhreise a thairiscint chun eilimintí breise a chumhdach ar choinníoll nach gcruthóidh na heilimintí breise sin aon ualach airgeadais ná teicniúil ná aon mhoill ar chur chun feidhme cuí na comhpháirte lena mbaineann. Bunófar an ranníocaíocht airgeadais bhreise sin le cinneadh ón gcomhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 18 lena leasaítear an t-Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 18(4) agus úsáidfear í chun an eilimint bhreise ghaolmhar a mhaoiniú i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán maidir leis an Spás agus le hAirteagal 15 den Rialachán maidir le Nascacht Shlán.

AIRTEAGAL 13

Speictream raidió

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar laistigh den Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU) a mhéid a bhaineann le saincheisteanna speictrim a bhaineann le nascacht shlán don Eoraip.

2. I gcomhthéacs an chomhair dá dtagraítear i mír 1, cosnóidh na Páirtithe na leithdháiltí minicíochta is gá le haghaidh na gcóras um nascacht shlán don Eoraip chun a áirithiú go mbeidh seirbhísí na gcóras sin ar fáil, rud a rachaidh chun tairbhe do na húsáideoirí.

3. Thairis sin, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé speictream raidió a úsáidtear le nascacht shlán a chosaint ar shuaitheadh agus ar thrasnaíocht. Chuige sin, sainaithneoidh siad foinsí trasnaíochta agus lorgóidh siad réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach chun trasnaíocht den sórt sin a chomhrac.

4. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar mhaolú ar fhorálacha infheidhme an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide, lena n-áirítear Rialacháin Raidió an Aontais Idirnáisiúnta Teileachumarsáide.

AIRTEAGAL 14

Leasanna airgeadais an Aontais a chosaint

Deonóidh an Iorua na cearta agus an rochtain is gá don oifigeach údarúcháin freagrach, do Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF), agus don Chúirt Iniúchóirí chun a gcuid inniúlachtaí féin a fheidhmiú go cuimsitheach. I gcás OLAF, áireofar leis na cearta sin an ceart chun imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

---

1 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairl (IO AE L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj).

AIRTEAGAL 15

Slándáil

1. Déanfaidh na Páirtithe na córais um nascacht shlán a chosaint ar bhagairtí amhail mí-úsáid, trasnaíocht, suaitheadh agus gníomhartha naimhdeacha. Dá bhrí sin, déanfaidh na Páirtithe gach beart is indéanta chun leanúnachas, sábháilteacht agus slándáil sheirbhísí GOVSATCOM, sheirbhísí Chlár an Aontais um Nascacht Shlán agus an bhonneagair agus na sócmhainní criticiúla gaolmhara ina gcríocha a áirithiú.

2. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach bearta a fhorbairt chun cosaint a thabhart ar bhagairtí sócmhainní, chun sócmhainní íogaire, faisnéis agus teicneolaíochtaí chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus Chlár an Aontais um Nascacht Shlán a, a rialú agus a bhainistiú.

3. Déanfaidh an Iorua bearta a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú go tráthúil, laistigh dá dlínse, lena soláthrófar leibhéal slándála agus sábháilteachta atá coibhéiseach leis na bearta is infheidhme san Aontas Eorpach.

## AIRTEAGAL 16

### Rannpháirtíocht i gcoistí

Iarrfar ar ionadaithe ón Iorua páirt a ghlacadh mar bhreathnóirí sna coistí agus sna meithleacha arna mbunú chun na gníomhaíochtaí faoi chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán a bhainistiú, a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gcomhréir leis na rialacha agus na nósanna imeachta ábhartha agus gan ceart vótála a bheith acu.

Glacfaidh an Iorua páirt, gan ceart vótála, i mBord um Chreidiúnú Slándála Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis a bunaíodh leis an Rialachán Spáis, maidir le codanna ábhartha de chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus de Chlár an Aontais um Nascacht Shlán. Déanfar rannpháirtíocht a shrianadh i gcomhréir leis an mbeartas ‘ ar bhonn riachtanais eolais’ arna leagan síos le haghaidh chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus le haghaidh Chlár an Aontais um Nascacht Shlán agus comhlíonfaidh sí rialacha nós imeachta an Bhoird um Chreidiúnú Slándála.

## AIRTEAGAL 17

### Bearta coimirce

1. Féadfaidh gach Páirtí, tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhchoiste dá dtagraítear in Airteagal 18, bearta coimirce iomchuí a dhéanamh, lena n-áirítear foráil amháin nó níos mó den Chomhaontú seo a chur ar fionraí, i gcás ina gcinneann sé nach gcomhlíonann an Páirtí eile a oibleagáidí faoin gComhaontú seo. Tar éis bearta coimirce a ghlacadh, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin fhrithpháirteacha laistigh den chomhchoiste gan mhoill chun cur i bhfeidhm fhorálacha uile an Chomhaontaithe seo a athbhunú a luaithe is féidir.

2. Beidh raon feidhme agus fad na mbeart dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo teoranta don mhéid is gá chun an scéal a leigheas agus chun cothromaíocht chóir idir cearta agus oibleagáidí a áirithiú faoin gComhaontú seo. Leanfaidh na Páirtithe dá n-iarrachtaí an díospóid a réiteach i gcomhréir le hAirteagal 19.

## AIRTEAGAL 18

### An Comhchoiste

1. Bunaíonn na Páirtithe leis seo comhchoiste ar a mbeidh ionadaithe oifigiúla ó gach Páirtí a bhfuil a riachtanas eolais suite.

2. Déanfaidh an comhchoiste maoirseacht ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo agus is é an comhchoiste an fóram ina ndéanfaidh na Páirtithe tuairimí agus faisnéis a mhalartú maidir le haon saincheist a ardóidh ceachtar Páirtí maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

3. Glacfaidh an comhchoiste a rialacha nós imeachta. Féadfaidh an comhchoiste a chinneadh fochoistí a bhunú chun cúnamh a thabhairt dó a chúraimí a chomhlíonadh. Bunóidh an comhchoiste téarmaí tagartha na bhfochoistí sin.

4. Féadfar Airteagal 9 agus Airteagal 12 a leasú le cinneadh a ghlacfaidh an comhchoiste. Tiocfaidh leasú den sórt sin i bhfeidhm 30 lá ón dáta a ghlacfar an cinneadh sin.

5. Tiocfaidh an comhchoiste le chéile dhá uair sa bhliain ar a laghad agus, nuair is gá, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí.

6. Is é an comhchoiste an fóram ina dtabharfar aghaidh ar iarrataí ar chúnamh teicniúil ón Iorua.

## AIRTEAGAL 19

## Réiteach Díospóidí

Aon réiteach díospóidí idir na Páirtithe a thiocfaidh chun cinn faoi théarmaí, léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, nó aon réiteach díospóidí idir na Páirtithe a bhaineann le téarmaí, léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is trí chomhairliúchán idir na Páirtithe a réiteofar é, agus tríd an modh sin amháin, agus ní dhéanfar é a tharchur chuig aon bhinse náisiúnta nó idirnáisiúnta ná chuig aon tríú páirtí lena réiteach.

AIRTEAGAL 20

Teacht i bhfeidhm, leasú agus foirceannadh

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta ar a dtabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta dlíthiúla inmheánacha féin is gá chun na críche sin.

2. Féadfar an Comhaontú seo a leasú trí chomhaontú i scríbhinn ó na Páirtithe. Tiocfaidh aon leasú ar an gComhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta ar a dtabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta dlíthiúla inmheánacha féin is gá chun na críche sin.

3. Beidh an Comhaontú seo i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2027. Cuirfear síneadh leis go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhleanúnacha 10 mbliana, seachas i gcás ina gcuireann ceachtar den dá Pháirtí in iúl don Pháirtí eile i scríbhinn nach bhfuil sé ar intinn aige síneadh a chur leis an gComhaontú seo tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh na tréimhse tosaigh nó aon tréimhse 10 mbliana ina dhiaidh sin.

4. Féadfaidh ceachtar Páirtí fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile go bhfuil sé ar intinn aige an Comhaontú seo a fhoirceannadh. Gabhfaidh éifeacht leis an bhfoirceannadh 3 mhí tar éis an dáta a gheofar an fógra.

5. Tar éis dheireadh théarma an Chomhaontaithe seo de bhun mhír 3, nó tar éis a fhoirceanta de bhun mhír 4, cuirfidh na Páirtithe i bhfeidhm é maidir leis na tionscadail, na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí uile a mhaoinítear faoi chomhpháirt GOVSATCOM de Chlár Spáis an Aontais agus faoi Chlár an Aontais um Nascacht Shlán nó faoin gComhaontú seo, go dtí deireadh na socruithe conarthacha a bhaineann leis na tionscadail, na gníomhartha agus na gníomhaíochtaí sin.

6. I gcás ina ndéanfar an Rialachán maidir leis an Spás, an Rialachán maidir le Nascacht Shlán, nó ceann amháin nó níos mó de na cinntí cur chun feidhme dá dtagraítear sa Chomhaontú seo a leasú, a aisghairm nó a athbhreithniú ar bhealach eile, déanfar tagairtí sa Chomhaontú seo don Rialachán maidir leis an Spás, don Rialachán maidir le Nascacht Shlán nó do na cinntí cur chun feidhme ábhartha, de réir mar is infheidhme,a fhorléiriú mar thagairtí don ghníomh nó do na gníomhartha leasaithe, aisghairthe nó athbhreithnithe ar bhealach eile.

## AIRTEAGAL 21

### Teangacha barántúla

Tarraingeofar an Comhaontú seo suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus san Ioruais, agus comhúdarás ag an téacs i ngach ceann de na teangacha sin.

DÁ FHIANÚ SIN, chuir na daoine thíos-sínithe, atá údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an gComhaontú seo.

Arna dhéanamh i/in/sa/san …, an … ú lá de … sa bhliain ….

Thar ceann an Aontais Eorpaigh

Thar ceann Ríocht na hIorua